## Bileog 1.1a agus Bileog 1.1b

- Roinn an rang ina mbeirteanna agus scaip **Bileog 1.1a** orthu. Mínigh dóibh go mbeidh siad ag féachaint ar mhír ón nuacht faoi bhás Mhartin McGuinness.
- *Sonraí pearsanta/cúlra – Réamhobair féachana*: Léigh na ceisteanna leis na foghlaimeoirí agus tabhair tamall dóibh na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna.

***Freagraí**:*

1. Cé as duit? Is as Éirinn mé.
   Cad é do sheoladh? Is é an seoladh atá agam ná...
   Cén aois atá tú?

   An bhfuil tú pósta? Tá/Níl.
   Tá mé singil.
   An bhfuil clann agat? Cén aois iad?
   Triúr againn atá sa chlann.
   Páiste aonair atá inti/Níl ann ach í féin sa chlann.

   Dílleachta atá ann – cailleadh a thuismitheoirí i dtaisme bhóthair.
   Tá mo mháthair ar shlí na fírinne.
   Rinne siad cailín beag a uchtú.
   Tá buachaill óg ar altramas againn.

   Cad a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat?
   Cén tslí bheatha atá agat?
   Is tréidlia mé.
   Feighlí linbh atá ionam.

2. An Spáinneach tú? Is ea/Ní hea. Is Éireannach mé.

3. **Cúige Chonnacht**
   Gaillimh
   Liatroim
   Maigh Eo
   Ros Comáin
   Sligeach

   **Cúige Laighean**
   Baile Átha Cliath
   Ceatharlach
   Cill Chainnigh
   Cill Dara
   Cill Mhantáin
   An Iarmhí
   Laois
   Loch Garman
   An Longfort
   Lú
   An Mhí
   Uíbh Fhailí

   **Cúige Mumhan**
   Ciarraí
   An Clár
   Corcaigh
   Luimneach
   Port Láirge
   Tiobraid Árann

   **Cúige Uladh**
   Aontroim
   Ard Mhacha
   An Cabhán
   Doire
   An Dún
   Dún na nGall
   Fear Manach
   Muineachán
   Tír Eoghain

© Ollscoil Mhá Nuad

4. *south Donegal* – deisceart Dhún na nGall
*north Dublin* – tuaisceart Bhaile Átha Cliath
*the midlands* – lár na tíre
*west Kerry* – iarthar Chiarraí
*the east coast* – an cósta thoir

*parish* – paróiste
*capital city* – príomhchathair
*suburb* – bruachbhaile
*townland* – baile fearainn
*diocese* – deoise
*housing estate* – eastát tithíochta
*urban area* – limistéar uirbeach
*rural area* – ceantar tuaithe

- *Sonraí pearsanta/cúlra – Plé*: Léigh na ceisteanna leis na foghlaimeoirí agus tabhair tamall dóibh na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna.
- Téigh siar ar thuairimí gach duine tar éis tamall maith cainte agus ceartaigh aon bhotún a chloisfidh tú.
- Scaip **Bileog 1.1b** ar an rang agus roinn ina mbeirteanna arís na foghlaimeoirí.
- *Sonraí pearsanta/cúlra – Féachaint*: Léigh na ceisteanna leis an rang agus cuir an mhír ar siúl uair amháin dóibh. Tabhair deis dóibh a bhfreagraí (a–e) a phlé le chéile. Ansin pléigh thusa na freagraí leo.
- Cuir an mhír ar siúl den dara huair agus iarr ar na foghlaimeoirí an oiread eolais agus is féidir faoi na teaghlaigh a fháil. Ciallaíonn ***teaghlach*** do chuid tuismitheoirí, deartháireacha, deirfiúracha agus araile, ciallaíonn ***clann*** do chuid páistí féin.
- Samplaí de fhrásaí eile a chuireann comhbhrón in iúl:
  *Ní maith liom do thrioblóid.*
  *Is olc liom do chás.*
  *Grásta ó Dhia ar a (h)anam.*
  *Déanaim comhbhrón leat.*
- *Sonraí pearsanta/cúlra – Labhairt/scríobh*: Léigh na ceisteanna leis an rang agus tabhair tamall dóibh na ceisteanna a phlé le chéile.

***Freagraí:***

**A**

- Conas a chuireann an t-óstach an t-aoi i láthair?
  *Tugann sé nó sí eolas faoin aoi.*
- Cad atá i gceist le hagallamh mar seo? An cur síos ar bheathaisnéis amháin é?
  *Ní cur síos ar bheathaisnéis amháin atá ann. Caithfidh sé a bheith níos suimiúla ná sin.*
- Cad air a mbeidh an bhéim in agallamh mar seo?
  *Cúlra agus tionchar, taithí shuimiúil, mothúcháin agus dearcadh, na rudaí atá bainte amach ag an duine, cad atá ar siúl ag an duine faoi láthair agus cad atá i ndán dó sa todhchaí.*
- Cad iad na príomhcheisteanna a chuirfear? An mbeidh ceisteanna leantacha/breise ann?
  *Caithfear ullmhúchán maith a dhéanamh leis na ceisteanna cearta a chur.*
- Conas is féidir leis an óstach suim a léiriú san aoi?
  *Aoibh dheas ar an aghaidh, bogadh an chinn agus fuaimeanna beaga boga lena shuim a léiriú.*
- Conas a chuireann an t-óstach críoch leis an agallamh?
  *Lámh a chroitheadh leis an aoi, achoimre ar na rudaí atá bainte amach aige nó aici agus tagairt a dhéanamh do na pleananna atá aige don am amach romhainn.*
- Conas a dhéanann an t-óstach réamhullmhúchán don agallamh?
  *Comhráite le cairde agus comhghleacaithe, ábhar léitheoireachta faoin duine a léamh, eolas maith a bheith aige/aici ar shaothar an duine.*

© Ollscoil Mhá Nuad

**B**

- Bíodh pictiúir de dhaoine cáiliúla gearrtha amach agat roimh an rang (daoine a bhaineann le réimsí spéise an ghrúpa más féidir).
- Tabhair pictiúr do gach duine sa rang (is é nó í an duine sa phictiúr) agus abair le gach beirt a bheith ag obair le chéile. Bí cinnte go bhfuil eolas ag gach duine sa rang faoin duine ina phictiúr - mura bhfuil, malartaigh an pictiúr le duine eile.
- Tabhair tamall dóibh sealanna a ghlacadh agallamh a chur ar a chéile agus iarr orthu gan dearmad a dhéanamh ar na ceisteanna ar fad a pléadh.

**C**

- Lig dóibh plé a dhéanamh ar na hagallaimh a rinne siad féin agus ar an láithreoir is fearr atá ar an teilifís, dar leo féin.

**D**

- Abair leo alt gairid a scríobh bunaithe ar an agallamh. Iarr orthu an t-alt a scríobh mar obair bhaile mura bhfuil go leor ama sa rang.

## Bileog 1.2

- *Téarmaíocht na gramadaí – Ceachtanna*: Iarr ar gach duine na huimhreacha (na sainmhínithe) ar chlé a cheangal leis na litreacha (na téarmaí) ar dheis.
- Nuair atá sé déanta acu iarr orthu a sheiceáil an raibh na freagraí céanna ag an duine in aice leo. Ceartaigh thusa an ghníomhaíocht ag an phointe seo.

***Freagraí:***

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| h | l | d | n | g | m | b | a | i | e | j | k | c | f |

- Agus tú sásta go dtuigeann siad na téarmaí iarr ar gach beirt samplaí de na téarmaí a aimsiú ón phíosa faoi Nuala Ní Dhomhnaill - mar shampla:

  Briathar – aistrigh
  Consain – **C**ea**nn** **Tr**á
  Focail bhaininscneacha – aois, bliain, áit
  Ainmfhocail – Lancashire, aintín, Nuala
  Uimhir uatha – post
  Aidiacht – breá
  An t-alt – bhí **an** marriage ban ann
  Forainm – sí
  Uimhir iolra – níl sampla ann
  Réamhfhocal simplí – i, ó, sa
  Focail fhirinscneacha – post, athair
  Forainm réamhfhoclach – uirthi
  Na gutaí – C**ea**nn Tr**á**
  Réamhfhocal comhshuite – ar feadh

- Éist leis na samplaí a bhí ag an rang.
- Cuir gach triúr ina suí le chéile agus tabhair tamall dóibh a gcuid tuairimí a chur in iúl faoin ghramadach. Ba cheart na focail seo a scríobh ar an chlár dubh le cuidiú leis an phlé:
  Gramadach na Gaeilge
  Gramadach an Bhéarla
  Gramadach na dteangacha eile atá ar eolas acu
  Tábhacht na gramadaí
  Múineadh na gramadaí

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 1.3a agus Bileog 1.3b

- Scaip **Bileog 1.3a** ar an rang.
- *Cúlra – Léamh*: Abair le gach beirt ansin an t-alt a léamh amach os ard le chéile agus pléigh na freagraí 1-10 leis na foghlaimeoirí:

***Freagraí:***

(1) aisteoir– ainmfhocal
(2) roimh –réamhfhocal
(3) álainn – aidiacht
(4) i gcaitheamh – réamhfhocal comhshuite
(5) eachtrannaigh – ainmfhocal san uimhir iolra
(6) chuirfí– briathar, modh coinníollach, briathar saor
(7) aige– forainm réamhfhoclach
(8) an t-ádh – ainmfhocal firinscneach
(9) cosúlachtaí – ainmfhocal san uimhir iolra
(10) Éirinn – ainmfhocal, an fhoirm den fhocal *Éire* tar éis réamhfhocail

- Scaip **Bileog 1.3b** ar na foghlaimeoirí.
- *Cúlra – Plé*: Tabhair seans do gach beirt ansin na ceisteanna 1-5 a dhéanamh le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad tar éis tamaill. Ceartaigh aon bhotún más gá!

### *Cúlra Teanga*:

***Freagraí:***

1. An tÉireannach – an duine nó cur síos ar rud ón tír sin.
2. Mínigh an tábhacht a bhaineann le hinscne agus le hainmneacha na dtíortha agus na dteangacha,

*3.*

| | |
|---|---|
| An Danmhairg | *An Danmhairgis* |
| An Eastóin | *An Eastóinis* |
| An Fhionlainn | *An Fhionlainnis* |
| An Fhrainc | *An Fhraincis* |
| An Ghearmáin | *An Ghearmáinis* |
| An Ghréig | *An Ghréigis* |
| An Iodáil | *An Iodáilis* |
| An Liotuáin | *An Liotuáinis* |
| Málta | *An Mháltais* |
| Poblacht na Seice | *An tSeicis* |
| An Pholainn | *An Pholainnis* |
| An Phortaingéil | *An Phortaingéilis* |
| An tSlóivéin | *An tSlóivéinis* |
| An tSlóvaic | *An tSlóvaicis* |
| An Spáinn | *An Spáinnis* |
| An tSualainn | *An tSualainnis* |
| An Ungáir | *An Ungáiris* |
| An Bheilg | *An Fhraincis, An Ollainnis, An Ghearmáinis* |
| An Chipir | *An Ghréigis* |
| Éire | *An Ghaeilge/An Béarla* |
| An Ísiltír | *An Ollainnis* |
| An Laitvia | *An Laitvis* |
| Lucsamburg | *An Fhraincis* |
| An Ostair | *An Ghearmáinis* |
| An Ríocht Aontaithe | *An Béarla* |

© Ollscoil Mhá Nuad

4. Treoraigh an phlé chun na focail seo a chur san áireamh:

| | | |
|---|---|---|
| Páiste aonair | Dílleachta | Páiste a uchtú |
| Páiste a thógáil ar altramas | Sin-seanathair | Sin-seanmháthair |
| Garnia | Garneacht | Seanaintín |
| Seanuncail | | |

5. Tabhair deis dóibh labhairt faoina gcúlra ina mbeirteanna ansin. Bí ag siúl thart agus bí cinnte go bhfuil an stór focal a bhaineann lena gcúlra acu.
6. *Cúlra – Foclóir*: Abair leo iarracht a dhéanamh focail/frásaí eile a aimsiú leis an mhíniú céanna agus iad a chur in abairtí a léiríonn go soiléir a mbrí.

***Freagraí:***

| | |
|---|---|
| Ag cur fúthu: | ina gcónaí, lonnaithe |
| Cur amach: | eolas, taithí leis |
| Ní foláir: | caithfidh sé, ní mór |
| An dé deiridh: | ag fáil bháis |
| Rith sé leis: | smaoinigh sé ar, tháinig sé chuige |
| Baint amach: | a chur i gcrích |
| Cúthail: | faiteach |

## Bileog 1.4

- Scaip **Bileog 1.4** ar an rang agus roinn i ngrúpaí de thriúr nó ceathrar na foghlaimeoirí.
- *Logainmneacha – Réamhobair éisteachta*: Iarr orthu plé a dhéanamh ar na ceisteanna 1-4 faoi logainmneacha in Éirinn. Mínigh dóibh gur féidir leo anois eolas a fháil faoi logainmneacha ar an suíomh idirlín www.logainm.ie. Ní gá go mbeadh caint nó díospóireacht ródhomhain anseo ar stair logainmneacha na tíre (ceist 3). Níl i gceist ag an phointe seo ach go ndéanfaí plé ginearálta ar logainmneacha - mar shampla bíonn focail ar nós 'Átha' 'Baile' etc. mar chuid de logainmneacha.
- Is fiú ag an phointe seo béim a chur ar úsáid agus ar thábhacht an tsuímh www.tearma.ie agus a mhíniú dóibh gur Fiontar in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath a chuireann an dá shuíomh ar fáil.
- Is fiú chomh maith cúpla leabhar eile faoi logainmneacha na hÉireann a chur ar a súile dóibh, mar shampla:

| | |
|---|---|
| Flanagan, D. and L.: | *Irish Place Names*. (Baile Átha Cliath 1994). |
| Joyce, P.W.: | *The Origin and History of Irish Names of Places*. (Baile Átha Cliath 1869-1913). |
| Friel, Brian: | *Translations* (Faber and Faber Ltd, 1981) |

- *Logainmneacha – Éisteacht*: Mínigh dóibh anois go mbeidh siad ag éisteacht le hagallamh ar an chlár **An Saol ó Dheas**, 01 Deireadh Fómhair 2008. Abair leo go bhfuil sé dúshlánach go leor ach go gcuirfidh tú an mhír ar siúl dhá uair ar dtús.
- Léigh na ceisteanna le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud agus seinn an mhír dhá uair.

© Ollscoil Mhá Nuad

***Freagraí***:

a) Tá cur amach aige ar chúrsaí ríomhaireachta agus ar an Ghaeilge. Bhíodh sé ag plé *Minitel* roimhe.
b) Tá ar na foghlaimeoirí iad féin cinneadh a dhéanamh an bhfuil sé sásta nó nach bhfuil faoin suíomh idirlín www.logainm.ie. Is iad na lochtanna a fhaigheann sé ar an suíomh ná:
    a. Ní bhíonn an leagan ceart ar an suíomh i gcónaí.
    b. Tá bearnaí móra ann nach dtuigtear go dtí go mbrúitear ar logainm.
c) Tá canúint na Mumhan acu.
    i. 'ana-áisiúil'
    ii. 'lucht na Gaolainne'
    iii. 'níl faic ar an...'
    iv. 'Dheineas féin é'
    v. 'cúpla turas'

- Tabhair deis do na foghlaimeoirí a machnamh a dhéanamh ar chúlra shloinnte na hÉireann:
    - Ó – garmhac – Ní – gariníon
    - Mac – mac – Nic – iníon
    - de – 'of' de bhunadh Normannach
    - Uí – tugann sé bean phósta le tuiscint
- Abair leo más mian leo tuilleadh eolais a fháil faoi shloinnte na hÉireann gur féidir féachaint ar na leabhair seo a leanas:
  *An Sloinnteoir agus an tAinmneoir,* Muiris Ó Droighneáin, eag. Micheál A. Ó Murchú, Coiscéim (1982)
  'Ainmneacha pearsanta agus sloinnte Gaeilge' in *Cruinnscríobh na Gaeilge,* Ciarán Mac Murchaidh, Cois Life (2004)
- Tabhair deis dóibh ansin na ceisteanna ag bun an leathanaigh a phlé ina mbeirteanna.

***Freagraí***:

1. Pléigh leo an difear idir leasainm agus teideal.
2. 

| | |
|---|---|
| The President Michael D. Higgins | An tUachtarán Mícheál D. Ó hUigínn |
| Doctor O' Brien | An Dochtúir Ó Briain |
| Father Fitzgerald | An tAthair Mac Gearailt |
| Bishop McDermott | An tEaspag Mac Diarmada |
| Professor Burke | An tOllamh de Búrca |
| Sister Mary | An tSiúr Máire |
| TD Catherine Murphy | An Teachta Dála, Caitríona Ní/Uí Mhurchú |
| Councillor Doherty | An Comhairleoir Ó Dochartaigh |
| Minister for Education & Skills | An tAire Oideachais agus Scileanna |
| Minister for Health | An tAire Sláinte |
| Prime Minister David Cameron | An Príomh-Aire Teresa May |
| Our Prime Minister Enda Kenny | Ár dTaoiseach Leo Varadkar |

3. Bí cinnte gur féidir leo daoine a chur in aithne do dhaoine eile go foirmiúil, mar shampla:

- *Ba mhaith liom an tOllamh Ó Cadhain a chur in aithne daoibh.*
- *Ba mhaith liom an deis a ghlacadh an Dochtúir Ní Bhaoill a chur in bhur láthair.*
- *Tugann sé an-sásamh dom cuireadh a thabhairt don Teachta Pól Ó Conchúir labhairt leis an chruinniú.*

© Ollscoil Mhá Nuad